Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Bealtaine 2023
(OR. en)

8491/23

LIMITE

AGRILEG 68
CONSOM 132
DENLEG 20
FOOD 28
MI 310
RECH 136
SAN 199

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar beirt ionadaithe ó na Ballstáit ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia |

1. I gcomhréir le hAirteagal 25(1) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002[1], ba cheart do gach Ballstát comhalta agus comhalta malartach a ainmniú mar ionadaithe ar Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA). Is í an Chomhairle a cheapann na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha arna n-ainmniú ag gach Ballstát.

2. Cheap an Chomhairle, trí bhíthin an Chinnidh uaithi an 7 Aibreán 2022[2], ionadaithe ó na Ballstáit ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta EFSA don tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2026.

[1] Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta maidir le cúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

[2] Cinneadh ón gComhairle an 7 Aibreán 2022 lena gceaptar ionadaithe ó na Ballstáit ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (IO C 159, 12.4.2022, lch. 6).

3. I litir dar dháta an 13 Feabhra 2023, cuireadh in iúl do EFSA go ndeachaigh Annelise FENGER, comhalta na Danmhairge, ar scor.

4. I litir dar dháta an 23 Márta 2023, cuireadh in iúl do EFSA go ndeachaigh Hanna DUFVA, comhalta malartach na Sualainne, ar scor.

5. Dá bhrí sin, ba cheart beirt ionadaithe nua a cheapadh ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige a réamhtheachtaithe faoi seach.

6. Ba cheart comhaltaí agus comhaltaí malartacha an Bhoird Bainistíochta a ainmniú agus a cheapadh ar bhonn a gcuid taithí agus saineolais ábhartha i réimse reachtaíocht agus bheartas an bhiashlabhra, lena n-áirítear measúnú riosca, agus áiritheofar san am céanna go mbeidh saineolas ábhartha ann laistigh den Bhord Bainistíochta in ábhair bhainistíochta, riaracháin, airgeadais agus dhlíthiúla[3].

7. Faoin 13 Aibreán 2023, chuir an Danmhairg agus an tSualainn ainmneacha a n-ionadaithe mar chomhaltaí agus mar chomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta EFSA in iúl don Uachtaránacht agus d'Ardrúnaíocht na Comhairle.

8. Rinne an Uachtaránacht agus Ardrúnaíocht na Comhairle measúnú ar an bhfianaise thacaíochta a thíolaic na toscaireachtaí agus tháinig siad ar an gconclúid go bhfuil an taithí agus saineolas cuí ag na hainmnithe chun na ceanglais a leagtar amach thuas a chomhlíonadh.

9. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe (Cuid 1), dá bhrí sin, an méid seo a leanas a dhéanamh:

– na hionadaithe atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a fhormheas;

– a mholadh don Chomhairle an Cinneadh lena gceaptar beirt ionadaithe ó na Ballstáit ina gcomhaltaí agus ina gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia, mar a leagtar amach in 8498/23 é, tar éis do saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch a chur ar an téacs, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

– a mholadh don Chomhairle cinneadh a dhéanamh an Cinneadh a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

[3] Airteagal 25(1b) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002.



PUBLIC

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

**BEIRT IONADAITHE Ó NA BALLSTÁIT A CHEAPADH INA gCOMHALTAÍ AGUS INA gCOMHALTAÍ MALARTACHA DE BHORD BAINISTÍOCHTA AN ÚDARÁIS EORPAIGH UM SHÁBHÁILTEACHT BIA**

**Ceapachán mar chomhalta de Bhord Bainistíochta EFSA go dtí an 30 Meitheamh 2026:**

– Tejs BINDERUP (an Danmhairg).

**Ceapachán mar chomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta EFSA go dtí an 30 Meitheamh 2026:**

– Kristina GRANELLI (an tSualainn).

PUBLIC